C/2023/369

19.10.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11258 – BDT / SOFIMA HOLDINGS / SOFIMA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/369)

1. An 11 Deireadh Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BDT Capital Partners, LLC ('BDT', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Alva S.p.A., Amca S.r.l., Ipercubo S.r.l., Lefa S.r.l., Mefa S.r.l., 4emme S.r.l., P.M. Investments S.r.l. agus Fariniundici S.p.A. (le chéile, 'SOFIMA Holdings', an Iodáil)

— So.Fi.M.A. Società Finanziaria Macchine Automatiche S.p.A. ('SOFIMA', an Iodáil).

Gheobhaidh BDT agus SOFIMA Holdings rialú comhpháirteach ar SOFIMA ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is banc marsantach é BDT sna Stáit Aontaithe arb í a speisialtóireacht infheistíochtaí i ngnólachtaí atá faoi úinéireacht teaghlaigh agus i ngnólachtaí atá faoi stiúir bunaitheoirí.

— Is éard atá i gceist le SOFIMA Holdings cuideachtaí sealbhaíochta de chuid daoine aonair príobháideacha a bhfuil leas urlámhais acu, agus iad ag gníomhú le chéile, sa chuideachta chomhstoic Iodálach I.M.A. Industria Macchine Automatiche S.p.A. ('IMA').

— Cuideachta sealbhaíochta is ea SOFIMA, ar cuideachta chomhstoic Iodálach é. Sealbhaíonn sé scairchaipiteal iomlán IMA, cuideachta atá gníomhach i bhforbairt agus monarú réiteach innealra pacáistithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11258 – BDT / SOFIMA HOLDINGS / SOFIMA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË